Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2021
(OR. en)

8210/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0207(COD)**

**CODEC 601**
**JAI 451**
**INF 110**
**CADREFIN 202**
**FREMP 110**
**DROIPEN 84**
**COPEN 198**
**JUSTCIV 71**
**PE 40**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an Clár um Chearta agus Luachanna a bhunú<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 26 go 29 Aibreán 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 27 Aibreán 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

1 6833/1/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2021)0137

## An Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna 2021-2027 ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Aibreán 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (06833/1/2020 – C9-0144/2021 – 2018/0207(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06833/1/2020 – C9-0144/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 10 Deireadh Fómhair 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0383),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0144/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ón bParlaimint agus ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo;

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 178.
[3] IO C 461, 21.12.2018, lch. 196.
[4] Téacsanna arna nglacadh an 17.4.2019, P8_TA(2019)0407.

3. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú, in éineacht leis leis an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina leith, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN

**Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tsraith Luachanna an Aontais a mhaoiniú in 2021**

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, aontaíonn na comhreachtóirí gur cheart cistiú substaintiúil a thabhairt don tsraith Luachanna an Aontais den Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

Iarrann na comhreachtóirí ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh chun an cuspóir sin a bhaint amach, go háirithe measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ionstraimí solúbthachta faoi chreat dlíthiúil bhuiséad bliantúil an Aontais do 2021, i gcomhréir leis na critéir maidir le gníomhachtú a leagtar síos i Rialachán CAI.